C/2025/508

22.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11827 – LDC / VITERRA ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/508)

1. An 15 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Louis Dreyfus Company Suisse S.A. ('LDC', an Eilvéis), faoi rialú Louis Dreyfus Company B.V. (an Ísiltír),

— roinnt fochuideachtaí Ollannacha, Ungáracha agus Polannacha ('Sócmhainní Viterra') de chuid Viterra Limited (an Ísiltír),

Gheobhaidh LDC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Shócmhainní Viterra ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ceannaí agus próiseálaí earraí talmhaíochta é LDC, agus tá gníomhaíochtaí aige a chuimsíonn an slabhra luacha ar fad (táirgeadh, tionscnamh, próiseáil, stóráil, iompar agus marsantú),

— Tá Sócmhainní Viterra dírithe ar thionscnamh, trádáil agus próiseáil tráchtearraí talmhaíochta (go háirithe síolta ráibe agus síolta lus na gréine) sa Pholainn agus san Ungáir go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11827– LDC / VITERRA ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË